

An Lúibín



29 Márta 2004



Nuachtlitir Choicisiúil



Teilifís na Máraise

New Zealand has at last created a television station for the country's indigenous language, Maori. The Irish parallel is clear. The channel's future, however, may yet be contested.

Dhá theanga oifigiúla atá ag an Nua-Shéalainn: Béarla agus an teanga a dtugtar Maori nó Márais uirthi. Teanga bhlasta ghreanta is ea an Mhárais, teanga a tháinig chun na Nua-Shéalainne sé chéad bliain ó shin ar a laghad ó oileáin an Chiúin-Aigéin. Anois tá seirbhís theilifíse curtha ar bun inti, rud is féidir a chur i gcomórtas le bunú Theilifís na Gaeilge (TG4). Thug Rialtas na Nua-Shéalainne maoiniú daichead milliún dollar chuige, suim atá beag go leor agus gnóthaí teilifíse i gceist, mar a déarfadh SBS leat.

Is iomaí duine a déarfadh go bhfuil dianghá leis an tseirbhís nua. Níl sna Máraigh ach 15% de dhaoine na tíre (timpeall 400,000 duine as trí mhilliún), agus b'fhéidir nach bhfuil ann ach 30,000 duine a bhfuil máistreacht acu ar an teanga, ach tá na mílte páiste Márach a tógadh le Béarla ag foghlaim Máraise anois. Ní fios, ar ndóigh, an leanfaidh siad orthu á labhairt, ach is cosúil go gcuideoidh an teilifís le cothú na teanga. Is fada ag géilleadh don Bhéarla í agus an seandúchas ag meath; Béarla atá in uachtar sna cathracha, agus is ann atá cónaí ar neart Márach anois. Is fada gníomhaithe ag iarraidh breis ábhar Máraise a chur ar fáil ar na meáin mhóra chumarsáide, agus is cúis áthais dóibh an méid a fuair siad an uair seo. Ní gan dua a fuarthas. Theip ar an gcéad iarracht sa bhliain 1991 de bharr míriartha agus easpa ábhair, agus cuireadh calaois i leith an duine a ceapadh mar cheann teilifíse ina dhiaidh sin. Cuma eile atá ar an scéal anois. Tá an bonneagar ann agus na cláir: déanfar an chuid is mó den chraoladh trí Mhárais, agus beidh fotheidil ann.

Fágann seo go bhféadfadh SBS féin cláir a cheannach ón gcainéal Máraise feasta. Mór an trua nach gceannaítear roinnt clár Gaeilge, ach sin scéal eile. B'fhéidir nach mbeadh sé i ndán don cainéal nua teacht slán, áfach. Má thagann an Páirtí Náisiúnach i réim in ionad an Rialtais atá anois ann is cosúil go mbeidh bás tobann á bhagairt ar theilifís na Máraigh, rud a tharraingeoidh achrann nimhneach. Sa chás sin b'fhiú do Ghaeilgeoirí na tíre seo a dtacaíocht a thabhairt don tionscnamh lena gcuid litreacha. Má éirigh le TG4, seans maith go n-éireoidh le Teilifís na Máraise ach a cuid naimhde a choinneáil ó dhoras.

An Leabhar Urnaí Coitianta

The Church of Ireland is to publish an Irish-language version of the Book of Common Prayer. It was this Church which made the Bible itself available in Irish.

Ní fios do chách é, ach tá Cumann Gaelach ag Eaglais na hÉireann, agus is garr go gcuirfidh siad amach leagan Gaeilge den Leabhar Urnaí Coitianta. Beidh sé ar fáil faoi 11 Bealtaine, le cúnaimh Dé.

Cuireann seo i gcuimhne dúinn gur le cúnaimh na hEaglaise céanna a fuairamar an Bíobla Gaeilge atá in úsáid faoi láthair agus, roimhe sin, an Bíobla mór a chuir an Sasanach naofa Bedell ar fáil i nGaeilge fadó – leabhar a bhí inchomórtais le Bíobla Rí Séamas nó le Bíobla Caitliceach Douai. Mar sin féin, ní raibh sé riamh de chlu ar Eaglais na hÉireann go raibh sí ar bior chun na Gaeil a iompú chun malairt chreidimh trí Ghaeilge (nó trí Bhéarla féin). B'fhearr léi gan doras na hiaróige a oscailt, agus ba iad soiscéalaithe Protastúnacha an 19ú haois a

bhain tairbhe as an nGaeilge chun a ngnó a dhéanamh. D'éirigh thar barr leo i gCiarraí ar feadh tamaill dá bharr. San am céanna, ar ndóigh, bhí roinnt Protastúnach ag cur na teanga chun cinn ar shlite eile, agus tá baint ag an traidisiún sin leis an saothar nua seo. Beidh fáilte roimhe dá bharr.

Catalóinis san AE

Catalan, one of Spain's regional languages, is the object of political bargaining at present. The objective: to make it an official language of the European Union.

'Guardin aquests documents al fons de la maleta. És important que no els descobreixin els oficials de la duana.' Spáinnis, Fraincis, Portaingéilis? Ní hea, ach Catalóinis, teanga oirthear na Spáinne. Tá a parlaimint féin ag an gCatalóin anois, mar atá ag réigiúin eile den tír, agus tábhacht breise leis an teanga dá réir. Ach ba mhaith le polaiteoirí áirithe an teanga a chur chun cinn san Aontas Eorpach féin, agus tá an páirtí Catalónach is mó ag iarraidh cabhrach ar Rialtas nua Sóisialach na Spáinne chuige mar chúiteamh ar thacaíocht sa bhaile.

Is cosúil go gcuirfidh an Rialtas nua dlús leis an dílárú polaitiúil a thosaigh nuair a d'imigh Franco, ach (mar a deir an nuachtán *Lá*) ní léir go mbeidís toilteanach stádas na Chatalóinise a fheabhsú san Eoraip. Mar sin féin, páirtí tréan is ea Convergencia I Unió, agus ar éigean atá tús curtha leis an margáil i ngeall ar an gceist seo agus ar roinnt ceisteanna eile. Ní léir ach oiread cén tionchar a bheadh ag scéal na Catalóinise ar scéal na Gaeilge san AE. (Féach: www.nuacht.com.) Tá difríocht shuntasach eatarthu sa mhéid go bhfuil Catalóinis á labhairt ag na milliúin duine agus nach bhfuil de chainteoirí líofa Gaeilge in Éirinn ach timpeall seachtó míle – rud nach mór a chur san áireamh i dtaca leis an mbrú is féidir a chur ar na polaiteoirí sa dá tír.

I dtaca leis na habairtí thuas, seo an chiall atá leo: 'Coinnigh na cáipéisí seo i dtóin an mhála. Níorbh fhearrde an scéal lucht custaim a theacht orthu'.

Más áil leat an teanga a fhoghlaim (agus ba mhór an cúnaimh teanga rómánsach eile a bheith agat) tá an graiméar seo le moladh: **Catalan** (Teach Yourself Books) le Alan Yates.

Gaeltalk

Gaeltalk is both a cultural and commercial enterprise, providing lessons and tutoring over the Internet for learners of Irish.

Is beag an t-ionadh *Gaeltalk* a bheith ann, agus foghlaimeoirí Gaeilge scaipthe ar fud an domhain. Is é Tomás Mac Gearailt, Gael-Mheiriceánach, a chuir ar bun é, agus is é an chuid is suntasaí de ná an chomhairle agus an cúnaimh atá le fáil in éineacht leis na ceachtanna – rud a theastaíonn go géar óna lán daoine a thugann faoi theanga atá chomh casta leis an nGaeilge. Tá dealramh snasta ar an suíomh, agus tá ceacht ar fáil ann mar shampla saor in aisce don té atá ag smaoineamh ar dhul i mbun oibre. Tá cabhair le fáil ann ó chainteoirí dúchais – rud neamhchoitianta. Tá an suíomh le fáil ar: www.gaeltalk.net.

Cosmas

There is a convergence between the findings of modern physics and the view of reality peculiar to Eastern philosophy: the universe is one, every part of it mysteriously linked, and consciousness can influence matter.

Níl ach aon réaltacht amháin ann, agus tá crot bréagach na cruinne feiminéanaí buailte anuas uirthi. Sin mar a deir fealsúnaithe an Oirthir, idir Hiondúigh agus Bhúdaithe. Dearcadh é a thaitníonn le fisicithe a dhéanann machnamh ar an nasc atá idir an comhfhiús agus an saol ábhartha, agus iad ag smaoineamh go háirithe ar theoirim cháiliúil a chum an fisicí John Bell sa bhliain 1964. Teoirim í atá difriúil ar fad le bunús na fisice comhaimseartha: i.e teoiric speisialta na coibhneasachta a chum Albert Einstein agus a deir nach féidir le haon rud titim amach sa chruinne níos luaithe ná luas an tsolais.

Aisteach le rá, is é Einstein féin a chuidigh le teoiric speisialta na coibhneasachta a chur as a riocht. Sa bhliain 1935, trí shár-réasúnaíocht mhatamaiticiúil, thaispeáin Einstein, Nathan Rosen agus Boris Podolsky, dá mbeadh córas dhá cháithnín ann, go rachadh athrú gluaiste in aon cháithnín amháin i bhfeidhm ar an gcáithnín eile san am céanna, go fiú má bhí siad scartha go maith óna chéile. Bhréagnaigh seo teoiric na coibhneasachta: má tharla an dá athrach *san am céanna* bheadh an chéad cháithnín ag cur 'eolais' chun an dara cáithnín níos luaithe ná luas an tsolais.

Cuireann Teoirim Bell in iúl mar seo é: 'Má tá bun fírinne le réamhaithris staitisticiúil theoiric an chandaim, tá an chruinne oibiachtúil bunoscionn le dlí na gcúiseanna áitiúla'. Is é an tOllamh John Clauser ba thúisce a rinne an teoirim seo a dhearbhu le triail ag Berkley sa bhliain 1972. Cruinne atá neamhspleách ar ár gcomhfhios is ea an chruinne oibiachtúil, agus is é an chiall atá le 'dlí na gcúiseanna áitiúla' ná go dtiteann rudaí amach ar luas nach bhfuil níos luaithe ná luas an tsolais, mar a deir teoiric speisialta na coibhneasachta. Deir an Teoirim, i bhfocail eile, go raibh réaltacht dhiamhair chomhchoitianta ann nach bhfuil ag teacht le gnáthloighic na heolaíochta. Dá mbeadh an dá cháithnín sin chomh fada ó chéile le dhá cheann na cruinne tharlódh an dá athrú sin in éineacht. Fágann sin go bhfuil gach a bhfuil sa chruinne fite fuaite ina chéile: gur aon rud amháin é an cosmas go léir. Níl aon fháth, mar sin, nach bhféadfadh an comhfhios a lorg a fhágáil ar ábhar na cruinne.

Mar a deir na fealsúnaithe, tá baint againn leis an gcuid is iargúlta den chosmas. An té atá oilte ar rinnfheithreamh a dhéanamh téann a chomhfhios amach ar an gcuid is leithne agus is lú den chosmas; tuigeann sé nach bhfuil aon deighilt ann. Léargas eile ar an bhfírinne sin is ea an fhisic féin.

